## AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001

# LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL
## (400 marc)

DÉ CÉADAOIN, 20 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna anseo ar DHEICH dTOPAIC.

- Tá na topaicí eagraithe ina dtrí ghrúpa mar a leanas:

  Grúpa I : Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Topaicí 8 go 10.

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt faoi CHEITHRE THOPAIC mar a leanas:
  Ní mór topaic amháin a ghlacadh as **gach grúpa ar leith**, agus is féidir an ceathrú topaic a roghnú as **aon cheann** de na trí ghrúpa.

- Tá 100 marc ag dul do gach topaic.

- Tá na fótagraif, a mbíonn gá leo le ceisteanna ar Thopaicí 8 agus 10 a fhreagairt, le fáil ar pháipéar, a bhfuil **X** marcáilte air, atá ina theannta seo.

**GRÚPA I: Topaicí 1 go 4**

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta. [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Ag labhairt dó leis na hAithnigh go díreach sular bhris an cogadh amach in aghaidh na Spartach, is é a dúirt Peiricléas ná: 'Faoi mar atá cúrsaí againn, caithfimid a mheabhrú dúinn féin gur oileánaigh sinn. Tá tábhacht ollmhór le muirchumhacht.'

Dar le Peiricléas, cén fáth a mbeadh oiread sin tábhachta le muirchumhacht na hAithne sa chogadh? (50)

(ii) Scríobh notaí ar **aon dá cheann** díobh seo a leanas:

Aircidamas, rí Sparta; Déimastainéis, an ginearál Aithneach; Brasidas, an ginearál Spartach. (25 x 2)

(iii) (*a*) Cad iad na hargóintí a bhí ag Cléon agus é ag iarraidh a chur ina luí ar na hAithnigh daonra iomlán fireann na Mitiléine a chur chun báis? (35)

(*b*) Cé mar a d'éalaigh an Mhitiléine, ar éigin, ón gcinniúint seo? (15)

(iv) (*a*) Mínigh cad a tharla i Lot na nErmae. (25)

(*b*) Cén toradh a lean an eachtra seo i gcás Alcibiaidéis? (25)

**Topaic 2. Alastar Mór. [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) 'Bhí trua aige, thairis sin, fiú do mháthair Dhariais, dá bhean chéile agus dá chlann.' (Arrian, *Feachtais Alastair*).

(*a*) Cuntas a thabhairt ar cé mar a chaith Alastar le máthair Dhariais, lena bhean chéile agus lena chlann ar dhein sé priosúnaigh díobh tar éis Chath Issus. (40)

(*b*) Cad é do mheas ar cé mar a chaith sé leis na priosúnaigh ríoga seo? (10)

(ii) Scríobh nótaí ar **aon dá cheann** ar bith díobh seo thíos:

Cleiteas; Parmenio; Cailistinéis. (25 x 2)

(iii) Ag abha Hyphasis i dTuaisceart na hIndia, d'éirigh saighdiúirí Alastair amach agus dhiúltaigh siad dul ar aghaidh níos faide.

(*a*) Cad iad na cúiseanna a tugadh gur dhiúltaigh na saighdiúirí dul ar aghaidh níos faide? (40)

(*b*) Cé mar a chuaigh scéal an diúltaithe i bhfeidhm ar Alastar? (10)

(iv) (*a*) Cuntas a thabhairt ar an turas a rinne Alastar go dtí tamhnach Siwah mar a raibh teampall Zeus-Ammon suite. (40)

(*b*) Cén fáth, dar leat, a ndearna Alastar an turas seo? (10)

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe. [100]**

Freagair **aon dá** cheann ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Cad a insíonn Iúlias Caesar dúinn i dtaobh na Breataine agus na mBriotanach faoi **aon trí cinn** de na ceannteidil seo a leanas:

(*a*) tíreolaíocht

(*b*) cruth fisiciúil agus éadaí

(*c*) pósadh

(*d*) modhanna cogaíochta? (17, 17, 16)

(ii) 'Chonaic agus thuig Romalas nach ceart cathracha a bhunaítear ar son na buaine agus na glóire a bheith suite le hais na farraige.' (Cicearó, *Buntáistí Nadúrtha na Róimhe*)

Cad iad na hargóintí a luann Cicearó chun tacú le tuairim Romalais? (50)

(iii) Cuntas gairid a thabhairt ar fheachtas Phoimpéis in aghaidh Mhitridaitéis, rí Pontais. (50)

(iv) Óna bhfuil léite de dhánta Chatullus agat, cén saghas duine ba ea é, dar leat? Tabhair fáthanna le do fhreagra. (50)

**Topaic 4.** **Na Staraithe Rómhánacha.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) 'Níor chuir aon duine de réamhtheachtaithe Ágastais oiread taispeántas poiblí a bhí chomh héagsúil nó chomh taibhseach sin ar fáil riamh cheana.' (Suétonius, *Ágastas*)

Cén t-eolas a thugann Suétonius dúinn faoi na cluichí agus na taispeántais a chuir Ágastas ar fáil? (50)

(ii) Cuntas a thabhairt ar iarrachtaí Ágastais chun teacht ar chomharba. (50)

(iii) Rianaigh gníomhréim Thibéiriais go dtí bás an impire Ágastais. (50)

(iv) Scríobh nótaí ar **aon dá cheann** ar bith díobh seo:

Séiánas; Gearmanacas; Drusas (mac Thibéirias). (25 x 2)

---

**GRÚPA II: Topaicí 5 go 7**

**Topaic 5.** **An Drámaíocht Ghréagach.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Rianaigh cúrsa na hargónta fíochmhaire idir an fáidh Tiresias agus Éideapús sa dráma *Éideapús Rí* le Sófaicléas. (50)

(ii) Sa chéad agallamh aige le Méidia sa dráma *Méidia* le hEoiripidéas, cé mar a chosnaíonn Iasón é féin in aghaidh chúiseamh an mhíbhuíochais, an fhill agus an tréigin a chuir sí ina leith? (50)

(iii) Cén fhianaise a fhaightear sa dráma *Éideapús Rí*, le Sófaicléas, gur fear gníomhartha ar an gcéad dul síos é Éideapús? (50)

(iv) Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an dráma *Méidia* le hEoiripidéas, an mó an bá atá agat le Méidia nó le hIasón? Tabhair fáthanna le do fhreagra. (50)

---

**Topaic 6.** **An Eipic Ársa.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) (*a*) Cur síos a dhéanamh ar Argas, seanmhadra dílis Odaiséis, sa 17ú leabhar den *Odaisé*. (40)

(*b*) Cad iad na sonraí san eachtra seo a bhogann an croí? (10)

(ii) Léirigh ón léamh atá déanta ar an *Odaisé* agat go bhfuil Péinealopé inchurtha le hOdaiséas ó thaobh intleachta agus foighne de. (50)

(iii) (*a*) Cad iad na hiarrachtaí a dhéanann an bandia Iúno san *Aeinéid* le Veirgil, Leabhair 1 go 6, chun cosc a chur le hAeinéas agus leis na Traígh an Iodáil a bhaint amach? (35)

(*b*) Cén fáth a bhfuil Iúno chomh naimhdeach sin in aghaidh na dTraíoch? (15)

(iv) Cuntas gairid a thabhairt ar sheachráin Aeinéis agus na dTraíoch tar éis dóibh an Traí a fhágáil go dtí go mbaineann siad An Chartaig amach (*Aeinéid*, Leabhar 3). (50)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) 'Sea: agus mé ag cromadh os cionn mo philliúir, chonaic mé Cynthia.'

(*a*) Cé mar a leanann Propeirtias air ag cur síos ar Cynthia ina dhán, *Tá Cynthia Marbh*? (40)

(*b*) Cad é do mheas ar dhearcadh Phropeirtiais i leith a leannáin mhairbh mar a léirítear sa dán seo é? (10)

(ii) Achoimre a thabhairt ar chuntas Veirgil ar bhliain an fheirmeora ina dhán *Féilire an Fheirmeora*.(50)

(iii) (*a*) Cé mar a nochtann Óibhid don léitheoir an fhlaithiúlacht shoineanta a thaispeáin an tseanlánúin, Baucis agus Philemon, do na déithe Iúpatar agus Mercury? (40)

(*b*) Cé mar a léiríonn iarratas deireanach Bhaucis agus Philemon an dílsecht a bhí acu dá chéile? (10)

(iv) (*a*) Déan comparáid idir an chuairt a thug luch an bhaile mhóir faoin tuath agus an chuairt an luch tuaithe chun na cathrach sa dán *Luch an Bhaile Mhóir agus an Luch Tuaithe* le Horás. (40)

(*b*) San insint atá ag Hóras ar an scéal seo, cad a mhúsclaíonn gáire ionat? (10)

---

**GRÚPA III: Topaicí 8 go 10**

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) **I bhFótagraf A** ar **Pháipéar X** taispeántar Ciste na nAithneach i nDeilfí.

(*a*) Cén úsáid a baineadh as foirgnimh den chineál seo? (10)

(*b*) Cén t-ord de chuid na hailtireachta Gréagaí inar tógadh an ciste seo? (10)

(*c*) Déan cur síos ar an bhfoirgneamh seo agus ag baint úsáide as na téarmaí ailtireachta cuí. (30)

(ii) **I bhFótagraf B** ar **Pháipéar X** taispeántar atógáil an Eirictióin.

(*a*) Cá bhfuil an teampall seo suite? (10)

(*b*) Cén t-ord d'ailtireacht na Gréige inar tógadh é? (10)

(*c*) Cad atá neamhghnách faoin bpóirse ar an taobh dheas (ó thuaidh)? (10)

(*d*) Cén fáth a ndeir Richter: 'Tá plean an Eirictióin neamhrialta ar fad'? (20)

(iii) **I bhFótagraf C** ar **Pháipéar X** taispeántar *kouros* ón Luath-Thréimhse Ársa.

**I bhFótagraf D** ar **Pháipéar X** taispeántar *kouros* ón Tréimhse Dhéanach Ársa (An tÓgánach Kritios).

(*a*) Cad iad na gnéithe den fhigiúr i **bhFótagraf C** atá tipiciúil leis an dealbhóireacht ón Luath-Thréimhse? (35)

(*b*) Bain feidhm as an dealbh i **bhFótagraf D** chun na forbairtí a tharla i ndealbhóireacht na Gréige sa Luath-Thréimhse Ársa agus sa Tréimhse Déanach Ársa a léiriú. (15)

(iv) Léiríonn **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** Nike na Samoitréise.

(*a*) Cad is *Nike* ann? (15)

(*b*) Cén tréimhse i ndealbhóireacht na Gréige lena mbaineann Nike na Samoitréise? (10)

(*c*) Conas a d'éirigh leis an ealaíontóir impreisean láidir gluaiseachta a thabhairt don fhigiúr seo? (25)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón. [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) 'Ní fheadar an bhféadfaimis ceann de na scéalta oiriúnacha sin a chumadh….miotas taibhseach éigin.' (Platón, *An Phoblacht*).

Cad é an 'miotas taibhseach' gur mhaith le Sócraitéas go nglacfadh an pobal go léir leis? (50)

(ii) Deir Adeimantas le Sócraitéas go mbíonn fealsúnaithe agus iad i mbun a ngnótha gan mhaith nó dainséarach. Cé mar a thugann Sócraitéas freagra ar an ionsaí seo in aghaidh fealsúnaithe? (50)

(iii) 'Ta aois sroichte anois agat nuair atá tú, mar a deir na filí, ar tí an tairseach a thrasnú, agus ba mhaith liom a fháil amach cad é do thuairim faoi agus cad atá le rá agat linn. An tréimhse dheacair í an tréimhse seo i do shaol nó nach ea?' (Platón, *An Phoblacht*).

Cé mar a thugann Cephalus freagra ar an gceist a chuireann Sócraitéas air faoin tseanaois? (50)

(iv) Da mbeifeá i d'Fhealsúnaí-Rialathóir sa Phoblacht a shamhlaigh Platón, an dtaitneodh sé leat? Tabhair fáthanna le do fhreagra (50)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach. [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) **I bhFótagrar F** ar **Pháipéar X**, taispeántar sampla de theampall tipiciúil Rómhánach (an Maison Carrée i Nîmes).

Tabhair tuairisc iomlán ar an teampall seo. (50)

(ii) Scrúdaigh **Fótagraf G** ar **Pháipéar X**.

(*a*) Cén fáth a bhfuil an fear seo ag iompar bustaí ina lámha? (15)

(*b*) Cuntas iomlán a thabhairt ar ghnéithe tipiciúla Rómhánacha na deilbhe seo. (35)

(iii) (*a*) Ainmnigh an struchtúr a léirítear i **bhFótagraf H** ar **Pháipéar X**. (10)

(*b*) Cén úsáid a bhaintí as na struchtúir seo? (15)

(*c*) Nóta a scríobh ar thábhacht na háirse sa struchtúr seo. (25)

(iv) (*a*) Ainmnigh an pictiúr i **bhFótagraf 1** ar **Pháipéar X**. (10)

(*b*) I dtithe Rómhánacha, cá bhfaighfeá pictiúir mar iad? (10)

(*c*) Tuairisc a thabhairt ar úsáid datha sa phictiúr seo. (15)

(*d*) Cé mar a d'éirigh leis an ealaíontóir mothú faid agus doimhne a thabhairt i gcrích sa phictiúr seo? (15)

---

***LEATHANACH BÁN***

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001**


LÉANN CLASAICEACH — GNÁTHLEIBHÉAL

# PÁIPÉAR X


**A**




**B**



**C**




**D**



**E**



**F**



**G**



# H



# I



Baineadh Fótagraif A, B, C, D agus E as *A Handbook of Greek Art*, G. Richter, Phaidon Press, 4th Edition 1995
Baineadh Fótagraif F, G, H, agus I as *Roman Art and Architecture*, M. Wheeler, Thames and Hudson, London 1964